Tuarascáil 2008 ar Chomhlíonadh Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005 maidir le Fostú Daoine faoi Mhíchumas sa tSeirbhís Phoiblí

Tá an tuarascáil seo á cur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tUas. Diarmuid Ó hEachthairn, T.D. ag an Údarás Náisiúnta Míchumais faoi Alt 15(6) den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, mar a cuireadh isteach le hAlt 50(2) den Acht um Míchumas 2005.

Clár na nÁbhar

Réamhrá 4

1. Oibleagáidí atá ar chomhlachtaí poiblí agus modhanna bailithe sonraí 9

2. Bearta chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis 14

3. Anailís ar na sonraí don bhliain 2008 19

4. Cuid 5 a chomhlíonadh 27

Aguisín A 33

Sonraí Ranna Rialtais ar an sprioc fostaíochta 3% 33

Sonraí comhlachtaí poiblí eile ar an sprioc fostaíochta 3% 34

Aguisín B 44

Comhlachtaí a sheol Áireamh Foirne don bhliain 2008 agus rátaí freagartha 44

Aguisín C 47

Comhlachtaí poiblí eile fós atá faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Eolaíochta[1] 47

Aguisín D 49

Foirm Thuairiscithe Reachtúil (PB1) do chomhlachtaí poiblí 49

Foirm Thuairiscithe Reachtúil (MC1) do choistí monatóireachta 53

Aguisín E 59

Suirbhé Náisiúnta ar Mhíchumas 2006 na POS: Daoine faoi mhíchumas in aois oibre, de réir cineál míchumais 58

[1] Chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta faisnéis isteach faoi na comhlachtaí a liostaítear in. Chuir na comhlachtaí seo an fhaisnéis seo ar fáil cé nach meastar iad a bheith ina gcomhlachtaí poiblí faoin sainmhíniú a thugtar ar chomhlacht poiblí mar atá leagtha amach i gcuid 46 den Acht um Míchumas 2005.

Réamhrá

Leagtar amach na hoibleagáidí atá ar chomhlachtaí seirbhíse poiblí maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú i gCuid 5 den Acht um Míchumas 2005 ("an tAcht").

Tá trí cheanglas idirnasctha i gceist léi. Ar an gcéad dul síos, ní mór do chomhlachtaí poiblí, a mhéid is indéanta, gach beart réasúnach a ghlacadh chun fostú daoine faoi mhíchumas acusan a chur chun cinn agus tacú leis. Ar an dara dul síos, mura mbíonn cúiseanna maithe acu lena mhalairt chun gan déanamh amhlaidh, cinnteoidh comhlachtaí poiblí gur daoine faoi mhíchumas 3%, ar a laghad, dá bhfostaithe. Ar deireadh, ní mór do chomhlachtaí poiblí, tuarascáil a chur, go bliantúil, faoi bhráid coiste monatóireachta reachtúil ina máthair-Roinn maidir leis an líon daoine faoi mhíchumas a bhíonn á fhostú acu agus leis na bearta a bhíonn á nglacadh acu chun tacú le fostú daoine faoi mhíchumas. Cuireann na coistí monatóireachta ar a n-uain a dtuarascálacha ar chomhlíonadh den sórt faoi bhráid Aire a máthair-Roinne agus faoi bhráid an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais (NDA) (Aguisín D).

Cuirtear faisnéis a fuair an tÚdarás Náisiúnta Míchumais i ndáil leis an mbliain 2008 ó choistí monatóireachta arna mbunú faoi Chuid 5 den Acht, ar fáil sa tuarascáil seo.[2]

- Is cur síos ar an gcaoi inar cuireadh an fhaisnéis sin i dtoll a chéile atá i gCaibidil 1 den tuarascáil seo
- Déantar anailís i gCaibidil 2 ar na bearta atá á nglacadh chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis
- Déantar anailís mhionsonraithe ar fhigiúirí na bliana 2008 i gCaibidil 3
- Déantar plé ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí faoi Chuid 5 i gCaibidil 4

Leagtar an méid céanna béime sa tuarascáil seo ar an sprioc uimhriúil a bhaint amach is a leagtar ar bhearta a bheith ann chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis.

Beart dearfach gnímh

Is beart dearfach gnímh atá i gCuid 5 den Acht um Míchumas chun fostaíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn, agus rátaí fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas a sheasann ag timpeall is leath rátaí fostaíochta na saoránach[3] eile mar chúlra aige. Leis an sprioc 3% a chur i gcomhthéacs, cuireadh ar taifead i nDaonáireamh na bliana 2006 go raibh timpeall is 6% de dhaoine a bhí in aois oibre faoi mhíchumas (Aguisín E).

Tagraítear d'fhorálacha Chuid 5 i bPlean Earnála na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta mar chuid den tsraith de bheartais phoiblí chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn. Mhol an tÚdarás Náisiúnta Míchumais gur chóir go

---

[2] Alt 48(5)(d), an tAcht um Míchumas 2005

[3] Daonáireamh 2006 na Príomh-Oifige Staidrimh.

mbeadh cur chuige gníomhach ón earnáil phoiblí i leith fostú daoine faoi mhíchumas ina phríomhthaca in aon straitéis chuimsitheach fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas.[4]

Sonraí le cur san áireamh

Tá an NDA sásta go bhfuil feabhas ag teacht i gcónaí ar chaighdeán an bhailithe sonraí cé gur ann do líon áirithe de chomhlachtaí poiblí a mbíonn a dtuarascálacha bunaithe ar thuairisceáin maidir le mionlach a bhfoirne. Tháinig feabhas freisin ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil don NDA maidir le bearta chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis i gcomparáid leis an bhfaisnéis a fuarthas sa bhliain 2007.

Caveat amháin, go háirithe, i ndáil leis na tuairisceáin uimhriúla is ea go bhféadfadh tionchar a bheith ag an gcéatadán den fhoireann a bhfuair an comhlacht poiblí sonraí ar a stádas míchumais agus ag an gcéatadán den fhoireann a nocht dá bhfostóir go raibh siad faoi mhíchumas, ar na tuairisceáin.

Torthaí ceannlíne

Comhlíonann níos mó de chomhlachtaí poiblí an sprioc 3%

Léirítear ardú beag i líon na gcomhlachtaí poiblí a bhfuil a sprioc reachtúil á comhlíonadh acu. Is é an toradh ceannlíne don bhliain 2008 gur thuairiscigh 55% de na heagraíochtaí gur bhain siad amach nó gur sháraigh siad an sprioc reachtúil fostaíochta 3% don bhliain 2008 (Tábla 3.1). Sa bhliain 2007, thuairiscigh 51% de chomhlachtaí poiblí gur shroich siad nó gur sháraigh siad an íos-sprioc reachtúil.

Ardú i líon agus i gcéatadán na bhfoirne faoi mhíchumas

Léiríodh ardú beag sa bhliain 2008 i gcomparáid leis an mbliain 2007 i líon agus i gcéatadán na mball foirne faoi mhíchumas ar fud na seirbhíse poiblí san iomlán ar tugadh tuairisc fúthu, d'ainneoin gur thit líon iomlán na bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí sa dá bhliain. Ba 6,083 líon iomlán na bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí a dhearbhaigh sa bhliain 2008 go raibh siad faoi mhíchumas – b'ionann sin agus ardú 204 ar fhigiúr na bliana 2007. Tháinig ardú ó 2.5% sa bhliain 2007 go 2.7% sa bhliain 2008 ar an gcéatadán de bhaill foirne faoi mhíchumas a tuairiscíodh a bheith sa tseirbhís phoiblí san iomlán. San am céanna thit líon iomlán na bhfostaithe sna comhlachtaí poiblí a thuairiscigh faoin Acht ó 239,000 go dtí díreach faoi 229,000 idir an dá bhliain. Cé go bhféadfadh sé gur modh tuairiscithe níos fearr ba chúis le roinnt den ardú, m.sh. rátaí freagartha níos airde ar áireamh foirne, cuirtear fíorfháilte roimh an bhfeabhas sa treocht.

An sprioc 3% sroichte ag na Ranna Rialtais go léir

Tá an sprioc 3% bainte amach nó sáraithe den chéad uair ag gach aon cheann den 15 Roinn Rialtais ó tugadh isteach í ar bhonn reachtúil (31 Nollaig 2005). Nuair a chuirtear na figiúirí do na Ranna Rialtais go léir le chéile feictear, sa bhliain 2008, gur

---

[4] NDA (2006) *A Strategy of Engagement - towards a comprehensive employment strategy for people with disabilities*

thuairiscigh 3.9% de bhaill foirne go raibh siad faoi mhíchumas i gcomparáid leis an 3.8% a thuairiscigh sa bhliain 2007. (Aguisín A).

Ba thart ar 207,000 fostaí a bhí san earnáil phoiblí, gan na Ranna Rialtais a chur san áireamh. Dhearbhaigh 5,254 den líon sin sa bhliain 2008 go raibh siad faoi mhíchumas; sin céatadán 2.5%.

Tá 3.5% de bhaill foirne na n-údarás áitiúil faoi mhíchumas
Tríd is tríd, tá 3.5% de bhaill foirne na n-údarás áitiúil faoi mhíchumas. Cé gur thuairiscigh ceithre cinn den 34 údarás áitiúil go raibh siad faoin sprioc 3%, luann gach ceann díobh rátaí ísle freagartha ar shuirbhéanna ar bhaill foirne, agus neamhfhonn eolas a nochtadh mar fhachtóirí a raibh tionchar acu ar a sonraí.

Baint ag méid an chomhlachta phoiblí le sprioc a bhaint amach
Faoi mar a bheifí ag súil leis ba é ba dhóiche de nach n-éireodh le comhlachtaí poiblí an-bheag an sprioc 3% a shroicheadh – níor éirigh ach le 12% de chomhlachtaí ina raibh deichniúr ball foirne nó níos lú, agus le 39% de chomhlachtaí ina raibh 11 go 50 ball foirne an sprioc a bhaint amach nó a shárú. Bhain beagnach 80% de chomhlachtaí poiblí ina raibh idir 201 go 1,000 ball foirne an sprioc amach.

Bhí sé díomách le tabhairt faoi deara, áfach, nár thuairiscigh ach 60% de na comhlachtaí poiblí ina raibh breis is 1,000 ball foirne go raibh an sprioc bainte amach nó sáraithe acu. Tá 80% d'fhostaithe na seirbhíse poiblí sa 40 comhlacht poiblí sin ina bhfuil breis is 1,000 ball foirne. Dá n-éireodh níos fearr leis na heagraíochtaí seo a sprioc a bhaint amach d'fhéadfadh gur mhó a thionchar sin ar an líon iomlán de dhaoine faoi mhíchumas a d'fhostófaí sa tseirbhís phoiblí. Is é is dóiche de chomh maith gur ag na comhlachtaí poiblí móra seo a bhíonn an acmhainn is mó ó thaobh éagsúlacht foirne a fhostú, agus go mbíonn an acmhainn sin maoinithe go maith chun tacú le baill foirne faoi mhíchumas. Ach i roinnt cásanna, áfach, b'fhéidir gurb é is cúis leis na figiúirí a tuairiscíodh nár ghlac ach mionlach den líon iomlán de na baill foirne páirt sa phróiseas tuairiscithe.

Baineann a dhóichí is a bheadh sé gan baill foirne faoi mhíchumas a bheith in eagraíocht le méid na heagraíochta, mar shampla níor thuairiscigh ach 10% de na heagraíochtaí ina raibh níos lú ná deichniúr fostaí go raibh fostaí ar bith faoi mhíchumas acu. Cé gur thuairiscigh na comhlachtaí poiblí móra go léir go raibh roinnt dá bhfostaithe ar a laghad a dhearbhaigh go raibh siad faoi mhíchumas, b'ann do naoi gcomhlacht phoiblí arbh idir 51 go 200 líon a bhfostaithe a thuairiscigh nach raibh ball foirne ar bith faoi mhíchumas acu. Sna cásanna seo, níor cheart gurbh é méid na heagraíochta, ann féin, an deacracht. Aithnítear go bhféadfadh sé go mbainfeadh cuid den toradh seo le saincheisteanna faoi iomláine na sonraí a cuireadh ar fáil.

Torthaí dearfacha ar ghníomhartha dearfacha
Léiríonn an anailís ar na tuairisceáin go bhfuil ceangal láidir idir na bearta maidir le gníomhartha dearfacha chun tacú le fostú daoine faoi mhíchumas agus an sprioc 3% a bhaint amach.

Bhain beagnach dhá thrian de chomhlachtaí poiblí a bhfuil cineál éigin de bheartais fhoirmiúla ar mhíchumas/comhionannas acu – amhail beartas ar mhíchumas, beartas ar chomhionannas, plean gníomhaíochta ar mhíchumas, nó Cód Cleachtais – an sprioc 3% amach i gcomparáid leis an tríú cuid díobh sin nár thuairiscigh beartas den sórt a bheith acu. B'údar misnigh a thabhairt faoi deara gur tuairiscíodh i ngach ceithre thacar as cúig de na tacair shonraí a cuireadh ar ais (208) gurbh ann do chineál éigin de bheartas foirmiúil ar mhíchumas. B'fhéidir gur ann do chomhlachtaí poiblí eile a bhfuil beartais fhoirmiúla den sórt acu ach nár thuairiscigh siad sin.

Is fiú a lua go bhfuil Cód Cleachtais maidir le Fostú Daoine faoi Mhíchumas na Státseirbhíse, Aonad Comhionannais na Státseirbhíse, agus na hOifigigh Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas atá i ngach Roinn Rialtais agus i roinnt mhaith de na comhlachtaí poiblí ar státseirbhísigh a mbaill foirne, mar bhonn agus mar thaca leis an sprioc 3% a bheith bainte amach go hiomlán sna Ranna Rialtais.

Bhí a shé oiread de sheans ann go mbainfeadh na comhlachtaí poiblí sin a rinne iniúchadh ar rochtain ar chuid dá n-áitribh nó dá láithreacha nó ar a n-áitribh nó a láithreacha go léir an sprioc 3% amach seachas na comhlachtaí poiblí sin a thuairiscigh nach ndearna siad iniúchadh ar bith ar rochtain.

Bhí beagnach a dhá oiread de sheans ann go mbainfeadh comhlachtaí poiblí a thuairiscigh go raibh duine amháin nó níos mó ná duine amháin faoi mhíchumas ar thaithí oibre acu an sprioc 3% amach nó go sáródh siad í seachas na comhlachtaí poiblí sin a thuairiscigh nach raibh duine ar bith faoi mhíchumas ar thaithí oibre acu.

Ceacht as an rath

D'fhorfheidhmigh lear mór de chomhlachtaí poiblí, in earnálacha éagsúla gnó, cláir go gníomhach chun tacú le fostú daoine faoi mhíchumas agus é a chur chun cinn agus d'éirigh leo an sprioc 3% a bhaint amach nó sháraigh siad an sprioc 3%. Tá sé de chumas ag na heagraíochtaí seo a bheith ina n-eiseamláirí ag a gcomhchomhlachtaí poiblí ag a bhfuil feidhmeanna comhchosúla nó meascán comhchosúil do bhaill foirne.

Neamhchomhlíonadh Chuid 5 den Acht

Seachas mainneachtain tuairisc a chur isteach, d'fhéadfadh go dteipfeadh ar chomhlacht poiblí Cuid 5 den Acht a chomhlíonadh i gcás

- nach nglacann sé, a mhéid is indéanta, bearta réasúnacha chun tacú le fostú daoine faoi mhíchumas
- nach sroicheann sé an sprioc 3%, ach amháin i gcás go mbeadh cúis mhaith lena mhalairt

Baineann sciorta den bhreithiúnas le measúnú an neamhchomhlíonta maidir lena bhfuil indéanta, maidir lena bhfuil réasúnach agus maidir le cibé an ann d'údair mhaithe le nach mbaintear an sprioc 3% amach. Caitear súil níos grinne ar an tsaincheist seo i gCaibidil 4.

Chuir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ar a shúile don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, i bpáipéar a cuireadh faoina bhráid i mí Feabhra 2009, na critéir a mheas an tÚdarás a threoródh measúnú ar

mhainneachtain chinntitheach ó thaobh chomhlíonadh an Achta de. Áirítear leis na critéir arna leagan amach sa pháipéar sin easpa beartais nó bearta foirmiúla ar bith chun fostú baill foirne faoi mhíchumas a chur chun cinn nó tacú leis, méid an chomhlachta, cibé i gcás gurbh ann do thairseach méide ar fostaíodh baill foirne ar bith faoi mhíchumas os cionn na tairsí sin, agus cibé an raibh baint amach na sprice nó a mhalairt íogair i ndáil leis an difríocht a dhéanfadh ball amháin foirne faoi mhíchumas. Scaipeadh measúnú an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais maidir leis na comhlachtaí a d'fhéadfaí a bhreithniú mar chomhlachtaí neamhchomhlíontacha sa bhliain 2007 ar an Aire agus ar na coistí monatóireachta go luath sa bhliain 2009.

Faoi alt 49 den Acht más rud é, i dtuairim an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais, nach gcomhlíonann comhlacht poiblí Cuid 5 faoi dheireadh dhá bhliain ar bith as a chéile, féadfaidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, le toiliú an Aire lena mbaineann, a iarraidh ar an gcomhlacht cibé bearta a shonróidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais a ghlacadh chun comhlíonadh den sórt a chinntiú, agus comhlíonfaidh an comhlacht an iarraidh sin. Sula n-eiseoidh siad an iarraidh sin, féadfaidh an NDA, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire lena mbaineann, faisnéis sa bhreis a lorg ó chomhlacht poiblí chun cur ar a gcumas a chinneadh cibé an bhfuil Cuid 5 á comhlíonadh ag an gcomhlacht sin. Féadfaidh an NDA chomh maith tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, ina ndéanfar measúnuithe ar chomhlíonadh agus ina leagfar síos moltaí.

Speictream an mhíchumais

Ba mhian leis an Údarás Náisiúnta Míchumais béim a leagan ar thábhacht na hearnála poiblí ó thaobh deiseanna fostaíochta a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas ó cheann ceann speictream an mhíchumais. Tharraing an NDA aird, i dtuarascáil na bliana 2007, ar ghannionadaíocht daoine faoi mhíchumas intleachta i bhfostaíocht na hearnála poiblí, bunaithe ar shonraí as Daonáireamh na bliana 2006.

Tugtar faisnéis ar speictream na gcineálacha riochtaí míchumais a bhíonn ag gabháil do dhaoine faoi mhíchumas sa Suirbhé Náisiúnta ar Mhíchumas 2006. Tugtar slánfhigiúirí in Aguisín E, bunaithe ar an bhfoinse seo, den líon daoine in aois oibre (18-64) a ngabhann riochtaí éagsúla dóibh.

Conclúid

Tugtar mionsonraí sa tuarascáil seo ar an staid reatha maidir le Cuid 5 den Acht a bheith á comhlíonadh ag comhlachtaí poiblí. Tá caighdeán na sonraí a fuarthas inchurtha le caighdeán sonraí na bliana 2007 agus dá bharr sin is féidir comparáidí creidiúnacha a dhéanamh i ndáil leis na réimsí inar tharla feabhas agus i ndáil leis na réimsí sin inar gá a thuilleadh oibre a dhéanamh. Cuireann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais an tuarascáil seo i láthair agus iad ar an eolas i dtaobh na n-imthosca eacnamaíocha ina bhfuil comhlachtaí poiblí fós ag obair.

1. Oibleagáidí atá ar chomhlachtaí poiblí agus modhanna bailithe sonraí

Freagrachtaí agus róil faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005

Ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí faoin Acht:

- A mhéid is indéanta, gach beart réasúnach a ghlacadh chun fostú daoine faoi mhíchumas acusan a chur chun cinn agus tacú leis - alt 47 (1)(a)
- A chinntiú, mura mbeidh cúis mhaith acu lena mhalairt chun gan déanamh amhlaidh, gur daoine faoi mhíchumas 3%, ar a laghad, de na baill foirne a fhostaítear - alt 47(2) agus alt 47 (4)
- Tuarascáil a chur, go bliantúil, faoi bhráid a gcoiste monatóireachta maidir leis an líon daoine faoi mhíchumas a bhíonn á fhostú acu agus leis na bearta a bhíonn á nglacadh acu chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis - alt 48(2)
- Cóid chleachtais reachtúla ábhartha ar bith dá bhfuil ann a chomhlíonadh - alt 47(1)(b)

Ról na gCoistí Monatóireachta

Faoi alt 48(3) den Acht tá coistí monatóireachta i Ranna Rialtais arb é a ról monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcomhlachtaí poiblí a thuairiscíonn dóibh agus, i gcomhairle leis an Údarás Náisiúnta Míchumais, comhlíonadh na gcomhlachtaí poiblí a spreagadh. Tuairiscíonn comhlachtaí poiblí, inar státseirbhísigh an fhoireann, chuig coiste monatóireachta na Roinne Airgeadais; tuairiscíonn comhlachtaí poiblí eile chuig an gcoiste monatóireachta ina máthair-Roinn féin. Ní mór do na coistí teacht le chéile trí huaire sa bhliain, ar a laghad, agus ceanglaítear orthu tuarascáil a chur faoi bhráid Aire a máthair-Roinne, agus faoi bhráid an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais, go bliantúil maidir le comhlíonadh a gcomhlachtaí poiblí. 14 coiste monatóireachta an comhaireamh atá ann faoi láthair. Tá dhá choiste mhonatóireachta sa Roinn Airgeadais chun déileáil astu féin leis an tseirbhís phoiblí i gcoitinne, agus leis na comhlachtaí poiblí a thagann go díreach faoi shainchúram na Roinne. Níor bunaíodh coiste monatóireachta sa Roinn Gnóthaí Eachtracha ná sa Roinn Cosanta mar nach ann do chomhlachtaí poiblí cáilitheacha ar bith a thuairiscíonn go díreach chuig na Ranna seo.

Ról an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais

Tá sé d'oibleagáid ar an Údarás Náisiúnta Míchumais tuarascáil bhliantúil a ullmhú ar chomhlíonadh a n-oibleagáidí éagsúla faoi Chuid 5 den Acht ag comhlachtaí poiblí, bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar dóibh ar an bhfoirm thuairiscithe chomhaontaithe. Féadfaidh an NDA, le toiliú an Aire lena mbaineann, leagan amach na foirme sin a shonrú faoi alt 48(6)(a). Úsáideadh an leagan amach céanna ar an tuarascáil sa bhliain 2008 is a rinneadh sa bhliain 2007, rud a fhágann gur féidir comparáidí bailí a dhéanamh idir an dá bhliain. Féadfaidh an NDA chomh maith, le toiliú an Aire lena mbaineann, moltaí a chur faoi bhráid comhlachtaí poiblí faoi bhearta a bheidh le glacadh ar mhaithe le comhlíonadh nó chun comhlíonadh a bhaint amach.

Líon na mball foirne faoi mhíchumas a chomhaireamh

Cé a chumhdaítear faoi Chuid 5 den Acht

Leagtar amach in alt 46(2) an sainmhíniú ar chomhlacht poiblí chun críocha Chuid 5 den Acht. Ceanglaítear le dlí ar chomhlacht poiblí a thagann faoi réim an tsainmhínithe seo, faoi théarmaí an Achta, a chomhlíonadh faoi Chuid 5 a thuairisciú.

Shuigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta nach dtagann líon áirithe de choláistí tríú leibhéal ná na Coistí Gairmoideachais, faoi réim shainmhíniú alt 46(2), ar chúiseanna teicniúla, ach mar sin féin chuir siad tuairisceán isteach go deonach maidir le comhlachtaí den sórt (Aguisín C).

Líon na gcomhlachtaí poiblí agus tacair shonraí ar leith

Tuairiscítear ar fhormhór na gcomhlachtaí poiblí ar bhonn aonair. Tríd is tríd, níor tugadh tuairisceáin ar leith ar chomhlachtaí poiblí aonair, áfach, i gcás go raibh riachtanais a mball foirne comhtháite le riachtanais an mháthairchomhlachta. Is oifigigh as na comhairlí contae ábhartha baill foirne na gcomhairlí baile agus na n-údarás réigiúnach, mar shampla, agus cuireadh a dtuairisceáin isteach lena gcuid siúd dá réir. Is státseirbhísigh as a máthair-Roinn iad na baill foirne atá i líon áirithe comhlachtaí poiblí agus i roinnt cásanna cónascadh na tuairisceáin le tuairisceáin a máthair-Roinne. Rinneadh an tuairisciú ar na Boird Fiontar Contae agus Cathrach, ar líon beag de bhaill foirne atá acu astu féin, le chéile mar aonad. Is mar tacair shonraí a thagraíonn an NDA do na tuarascálacha ar leith a fuarthas. Dá bhrí sin ní thagann an líon tacar sonraí go díreach le líon iomlán na gcomhlachtaí poiblí a clúdaíodh. Tá roinnt difríochtaí freisin idir líon na dtacar sonraí a cuireadh isteach sa bhliain 2008 i gcomparáid leis an líon a cuireadh isteach sa bhliain 2007, mar gur clúdaíodh roinnt comhlachtaí poiblí sa bhreis, ach gur clúdaíodh iad faoi bheagán níos lú de thacair shonraí. Tugtar na cúiseanna a bhí leis na difríochtaí sa tábla thíos.

	Líon tacar sonraí	**Líon comhlachtaí poiblí a clúdaíodh**
2007	263	375
2008	255	381
Difríochtaí sa bhliain 2008		
údaráis réigiúnacha curtha isteach i dtuairisceán an údaráis áitiúil ábhartha	-2	
comhlachtai ar státseirbhísigh a mbaill foirne agus iad curtha isteach i dtuairisceán na máthair-Roinne	-10	
comhlachtaí nár thuairiscigh don bhliain 2007	+5	
ní bhfuarthas tuairisceán ar bith don bhliain 2008	-1	

Treoir an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais maidir le bailiú sonraí

Ní féidir leis an Údarás Náisiúnta Míchumais a cheangal ar chomhlachtaí poiblí modh bailithe sonraí ar bith ar leith a úsáid. Mar sin féin, tá sraith de threoirdhoiciméid agus sraith de ghnáthfhoirmeacha tuairiscithe lena n-úsáid ag comhlachtaí poiblí ina ndéanfaí líon na mball foirne faoi mhíchumas a thuairisciú, arna shainmhíniú faoi alt 2 den Acht, curtha i dtoll a chéile ag an Údarás Náisiúnta Míchumais:

"disability' in relation to a person, means a substantial restriction in the capacity of the person to carry on a profession, business or occupation in the State or to participate in social or cultural life in the State by reason of an enduring physical, sensory, mental health or intellectual impairment;"
[ciallaíonn 'míchumas' i ndáil le duine srian substaintiúil i gcumas duine a bheith ag gabháil do ghairm, do ghnó nó do cheird sa Stát nó a bheith rannpháirteach i saol sóisialta nó cultúrtha an Stáit de bharr lagú seasmhach fisiceach, céadfach, meabhairshláinte nó intleachta].

Mhol an tÚdarás Náisiúnta Míchumais go seolfadh comhlachtaí poiblí áireamh bunaidh ar an bhfoireann (bunaithe ar nochtadh deonach) chun stádas míchumais na foirne a fháil amach ar mhaithe le tuairisceáin reachtúla a dhéanamh faoi Chuid 5. I gcás go bhfaighfí leibhéal sásúil de fhreagraí ar an áireamh seo sa bhliain bhonnlíne, molann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais do chomhlachtaí poiblí go bhféadfaidh siad a dtaifid tosaigh a thabhairt cothrom le dáta ina dhiaidh sin trí thagairt a dhéanamh do bhogadh foirne isteach agus amach as an eagraíocht agus trí nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun baill foirne a bhféadfadh míchumas a bheith faighte acu le linn na bliana a chur leis an áireamh. Tá sraith foirmeacha maidir le háireamh bunaidh ag an Údarás Náisiúnta Míchumais i gcomhair earcaithe nua agus chun taifead reatha duine a leasú. Is féidir le sásra éifeachtach rianaithe, a bhunófaí ar bhonnlíne dhaingean, deireadh a chur leis an ngá atá ann áireamh bliantúil a dhéanamh ar gach ball foirne. Tá eiseamláir de théacs ceaptha ag an Údarás Náisiúnta Míchumais chun cur le lámhleabhair phearsanra chun an próiseas bailithe agus nuashonraithe sonraí a chlúdach agus chuir siad comhairle ar chomhlachtaí poiblí maidir le sonraí íogaire pearsanta a stóráil agus a láimhseáil go rúnda.

Tá Ceisteanna Coitianta agus ábhair threorach eile a bhaineann le bailiú sonraí ullmhaithe ag an Údarás Náisiúnta Míchumais agus tá siad ar fáil ar www.nda.ie.

An bealach a bailíodh sonraí 2008
Rinne líon áirithe de chomhlachtaí poiblí an t-áireamh an athuair sa bhliain 2008 ó tharla go raibh rátaí tuairiscithe ísle ar a n-áireamh faighte ag roinnt comhlachtaí poiblí sa bhliain 2007. D'úsáid comhlachtaí poiblí eile áireamh 2007 mar bhonnlíne agus thug siad a dtuairisceáin "cothrom le dáta" trí shuirbhéanna spriocdhírithe a úsáid chun iarracht a dhéanamh tuairisceáin a fháil do na baill foirne sin nár cuireadh ar taifead sa bhliain 2007. Taispeánann figiúirí na bliana 2008 gur úsáideadh an fhoirm áireamh foirne in 142 (56%) tacar sonraí agus d'úsáid 113 (44%) modhanna eile de bhailiú sonraí amhail an figiúr bonnlíne roimhe sin a thabhairt cothrom le dáta trí shuirbhé a dhéanamh ar bhaill nua foirne nó ar bhaill foirne atá ann cheana, trí scrúdú a dhéanamh ar thaifid Acmhainní Daonna nó ar thaifid eile.

Taighde ar nochtadh i gcomhthéacs mhonatóireacht Chuid 5

Sonraí a ndearna daoine a bheith toilteanach míchumas a nochtadh difear dóibh
Chuir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais comhairle ar chomhlachtaí poiblí gur chóir an próiseas ar a ndéantar stádas míchumais duine a shuíomh chun críocha mhonatóireacht Chuid 5 a bhunú ar nochtadh deonach an duine aonair lena mbaineann. Tugtar urraim sa chur chuige seo do chearta an duine aonair lena

mbaineann gan iad a bheith curtha ar taifead mar dhuine faoi mhíchumas i ngan fhios dóibh. Ceapadh an fhoirm áireamh foirne ar bhealach a admhaíonn an sainmhíniú a thugtar ar mhíchumas faoin Acht ina gclúdaítear *inter alia* srian substaintiúil i gcumas duine a bheith rannpháirteach i saol sóisialta nó cultúrtha.

Is léir ón litríocht taighde gur minic gur deacair le daoine aonair a chur in iúl d'fhostóir go bhfuil sé nó sí faoi mhíchumas fiú nuair a choinnítear an fhaisnéis sin faoi rún agus/nó gur chun críocha staitistiúla amháin é.[5] Taispeánann an fhianaise idirnáisiúnta go mbíonn eagla ar dhaoine roimh na hiarmhairtí diúltacha a fheictear dóibhsean a bheith mar thoradh ar fhaisnéis fúthu féin a nochtadh san ionad oibre. Is cás leo nach gcaithfí leo mar a chaitear le daoine eile ag an obair nó go mbeadh tionchar diúltach ar a n-ionchais ghairme. Léirítear sna staidéir chomh maith go dtéann an cultúr a bhíonn in eagraíocht agus caighdeán an chaidrimh leis an bhfostóir i gcion ar an gcinneadh míchumas a nochtadh. D'fhéadfadh go mbeadh sé an-ghoilliúnach ar dhuine deacrachtaí meabhairshláinte atá acu féin a nochtadh le fostóir.[6] Ar na cúiseanna sin go léir, bíonn an baol ann, maidir le sonraí a bhunaítear ar mhíchumas a nochtadh go deonach, go mbeidh fíorchéatadán na mball foirne faoi mhíchumas níos ísle ná mar ba chóir dó a bheith.

Más ann do chomhshaol oibre ina mbeadh níos mó d'iontaoibh ag daoine go gcoinneofaí nochtadh míchumais faoi rún agus nach leanfadh drochthorthaí ar bith é is é is dóichí de go mbeidh siad níos oscailte faoi.

Taighde an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais ar nochtadh agus ar thuairisciú Chuid 5

Rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais taighde a choimisiúnú ar an tsaincheist a bhaineann le nochtadh míchumais i gcomhthéacs an phróisis mhonatóireachta agus tuairiscithe maidir leis an sprioc fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas faoi Chuid 5.[7] Seoladh an taighde i ngrúpaí fócais, in agallaimh ar an teileafón agus ar ríomhphoist chun tuairimí fostaithe faoi mhíchumas na hearnála poiblí a fháil maidir leo seo a leanas:

- an próiseas reatha monatóireachta agus tuairiscithe ar Chuid 5
- fachtóirí a chuireann bac roimh nochtadh
- fachtóirí a éascaíonn nochtadh

Ba iad seo a leanas cuid d'fhionnachtana na tuarascála:

- is cás imní do dhaoine faoi mhíchumas rúndacht na faisnéise a sholáthraíonn siad
- is cás imní do dhaoine faoi mhíchumas dearcaí a gcomhghleacaithe agus a mbainisteoirí

---

[5] *WRC (2007) Research and Policy Development on Part 5 of Disability Act 2005 – Statutory targets on employment of people with disabilities in the public sector*. www.nda.ie

[6] Caibidil 3; NESF (2008) Mental Health in the Workplace, lth 33-34

[7] Ralaheen Ltd (2009) Taighde a chíorann tuairimí daoine faoi mhíchumas atá fostaithe san earnáil phoiblí ar chóras monatóireachta fostaíochta an NDA agus na fachtóirí san ionad oibre a éascaíonn agus a chuireann bac ar nochtadh míchumais. www.nda.ie

- ní scaiptear an fhaisnéis atá ar fáil chun treoir a thabhairt don fhoireann ó thaobh foirmeacha a líonadh agus an próiseas monatóireachta sonraí i gcónaí ar an bhfoireann
- bíonn teanga na bhfoirmeacha deacair le léamh ag daoine áirithe
- cé go bhfuil tábhacht le cóiríocht réasúnach ó thaobh comhshaol a bheadh oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas a fhorbairt, is féidir leis, mar sin féin, cur as do dhearcaí comhghleacaithe i leith baill foirne a bhaineann tairbhe as. Ina theannta sin, d'fhéadfadh nach gceapfadh baill foirne ar cuireadh an láthair oibre in oiriúint dóibh go bhfuil siad faoi mhíchumas a thuilleadh ós nach bhfuil srian substaintiúil orthu san ionad oibre

Cuireadh cóip den tuarascáil faoi bhráid coistí monatóireachta Chuid 5 i mí Bealtaine 2009. Tá na bearta gur féidir leis an Údarás Náisiúnta Míchumais a ghlacadh i bhfianaise fionnachtana an taighde á mbreithniú ag an Údarás Náisiúnta Míchumais – mar shampla, faisnéis faoin bpróiseas a scaipeadh níos fearr, agus a chinntiú go n-úsáidfear téarmaí níos simplí i bhfoirmeacha bailithe sonraí agus i bhfaisnéis ghaolmhar.

Chun cás imní faoi rúndacht faisnéise a mhaolú, mholfadh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, dá mba indéanta agus dá mba chuí, go mbaileodh duine ag a mbeadh feidhm leasa fostaithe amhail Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas sonraí faoi stádas míchumais. Is fiú a thabhairt faoi deara gur cheangail roinnt comhlachtaí poiblí an cleachtadh bailithe sonraí a bhaineann le Cuid 5 le próiseas chun saincheisteanna ar chóiríocht réasúnach a fháil amach agus chun aghaidh a thabhairt orthu ionas gur cleachtadh níos fóintí a bheadh ann do dhaoine aonair.

Is iad na dearcaí i leith míchumais áirithe agus an faitíos go gcuirfeadh nochtadh deonach isteach ar dhul chun cinn gairme na bacainní is deacra le sárú. Is saincheisteanna fadtéarmacha iad seo a ndéantar aghaidh a thabhairt orthu le gníomhartha a dhéantar ar na hábhair ar a leagtar béim orthu thuas chomh maith le teachtaireacht chomhsheasmhach dhearfach faoi na comhthairbhe agus an tairbhe a bhainfeadh daoine aonair as aitheantas agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas san ionad oibre.

2. Bearta chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis

Réamhrá

Tá sé d'oibleagáid ar chomhlachtaí poiblí, de réir an dlí, gach beart réasúnach a ghlacadh chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis - alt 47(1)(a). Iarradh ar chomhlachtaí poiblí na bearta a bhí á nglacadh acu faoin gceannteideal seo a chur in iúl ina dtuarascálacha. Chuir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais comhairle ar chomhlachtaí poiblí maidir leis an gcaoi ab fhearr chun an mhír inste dá bhfoirm thuairiscithe a líonadh. Tá sé ríthábhachtach go soláthródh comhlachtaí poiblí faisnéis chuí (Aguisín D) más leo a thaispeáint go bhfuil an ghné sin den Acht á comhlíonadh acu.

D'iarr na daoine siúd a chuir tuairisceáin faoi bhráid na gcoistí monatóireachta ar na coistí monatóireachta chomh maith na bearta a bhreithnigh siadsan a bheith éifeachtach ó thaobh fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leo a mheas. D'fhreagair formhór na gcoistí trí liosta a thabhairt de na bearta go léir a chuir na comhlachtaí poiblí faoina sainchúram faoina mbráid. Rinne roinnt coistí monatóireachta moltaí breise dá gcuid féin.

Mar is léir ón gcaibidil seo, tá ceangal soiléir feiceálach idir a bheith i mbun gníomhartha dearfacha chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus an sprioc 3% a bhaint amach. Is fiú a thabhairt faoi deara chomh maith gur thuairiscigh roinnt eagraíochtaí a bhí faoi bhun sprioc an 3% sa bhliain 2007 ach a sháraigh an sprioc sa bhliain 2008 gur chuir siad sraith beartas maidir le míchumas i bhfeidhm sa bhliain 2008.

Ba mhór an t-ardú a tháinig sa bhliain 2008 ar an líon comhlachtaí a dhírigh an oiliúint maidir le feasacht faoi mhíchumas ar shainghrúpaí – earcaithe nua nó bainisteoirí líne mar shampla.

Bearta fóinteacha

Dírítear an mhír seo den tuarascáil ar na bearta ar chinn comhlachtaí poiblí níos mó gur bearta fóinteacha iad, ós gurbh é ba dhóiche de gurbh iad seo na bearta ag a mbeadh an tionchar comhiomláin ba mhó ar an bhfostaíocht. Tugtar mionsonraí sa tábla thíos ar roinnt de na gníomhartha a thuairiscigh comhlachtaí poiblí níos mó gur gníomhartha fóinteacha ar leith iad:

Bearta fóinteacha dar le comhlachtaí poiblí

Bearta Rathúla	An líon comhlachtaí poiblí
Beartas tacaíochta agus daoine a choinneáil i bhfostaíocht	22
Beartais Fhoirmiúla/Cóid Chleachtais	18
Oifigigh Ainmnithe	18
Oiliúint i gCúrsaí Míchumais/ Oiliúint i gCúrsaí Éagsúlachta	12
Ceangail le heagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas	8

Tacaíocht agus daoine a choinneáil i bhfostaíocht
Is iomaí duine a gheobhaidh míchumas ón uair a rachaidh sé nó sí i mbun a shaoil nó a saoil oibre. Luaigh iliomad de mhórchomhlachtaí poiblí a dtiomantas láidir i leith tacú le fostaithe faoi mhíchumas agus i leith fostaithe a bhfuil míchumas faighte acu a choinneáil i bhfostaíocht. Áirítear os cionn leath de na Ranna Rialtais; An Post, Bord Ospidéal San Séam agus FÁS leo sin. Tá beartais shonracha curtha i bhfeidhm ag roinnt comhlachtaí poiblí chun tacú le fostaithe a bhfuil míchumas faighte acu san ionad oibre, agus chun tacú le fostaithe ar shaoire fhadaithe bhreoiteachta filleadh ar an obair.

Luaigh roinnt eagraíochtaí a bhí go mór faoi bhun sprioc an 3% sa bhliain 2007 ach a sháraigh an sprioc sa bhliain 2008 gurbh iad na beartais agus na cleachtais a bhí i bhfeidhm acu maidir le cóiríocht réasúnach agus baill foirne a choinneáil i bhfostaíocht na bearta ba rathúla.

Ba iad seo a leanas na cineálacha cóiríochta ba chomónta chun tacú le fostaithe faoi mhíchumas agus chun iad a choinneáil i bhfostaíocht:

- uaireanta oibre solúbtha
- sceidil agus dualgais oibre a chur in oiriúint
- beartais bhainistithe struis
- Cláir Chúnaimh faoi rún d'Fhostaithe, lena n-áirítear Oifigigh ainmnithe Chúnaimh d'Fhostaithe
- trealamh speisialta a sholáthar

Beartais Fhoirmiúla nó Cóid Chleachtais
Thuairiscigh líon áirithe de chomhlachtaí poiblí gurbh bheart rathúil gur chuir siad beartas do dhaoine faoi mhíchumas, plean gníomhaíochta do dhaoine faoi mhíchumas nó cód cleachtais ar bhonn foirmiúil nó i bhfeidhm sa bhliain 2008.

Thuairiscigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Teagasc araon sa bhliain 2007 go raibh siad i mbun beartas do dhaoine faoi mhíchumas a fhorbairt. Bhí siad i mbun na céime cur i bhfeidhm sa bhliain 2008. Luaigh Teagasc gur chinntigh an beartas do dhaoine faoi mhíchumas a bhí i bhfeidhm gur lean an eagraíocht le bearta a chur i bhfeidhm chun tacú le daoine faoi mhíchumas. Luaigh siad gurbh é an toradh ar an mbeartas do dhaoine faoi mhíchumas a chur in iúl ar bhealach éifeachtach don fhoireann gur éirigh leis an bhfoireann tuairisceáin a líonadh go rathúil don bhliain 2008 agus gur éirigh leis an mbailiú sonraí do Chuid 5, gan dul in iontaoibh taifid Acmhainní Daonna agus na taifid sin amháin.

Thuairiscigh ESB gurbh é a gCód Cleachtais a bhí freagrach as comhshaol atá oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas a fhorbairt ag gach leibhéal sa chuideachta.

Oifigigh Ainmnithe
Tá Aonad ainmnithe Comhionannais trína gclúdaítear an státseirbhís sa Roinn Airgeadais. Soláthraíonn an t-aonad seo rúnaireacht do líonra Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine Faoi Mhíchumas na státseirbhíse chomh maith. Tá Oifigigh Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas ainmnithe ag Ranna Rialtais agus ag an

iliomad de na comhlachtaí poiblí inar státseirbhísigh na baill foirne agus oibríonn na hoifigigh sin le baill foirne faoi mhíchumas. Tugtar Oifigigh Chomhionannais ar bhaill foirne a mbíonn dualgais chomhchosúla orthu sna húdaráis áitiúla agus i roinnt comhlachtaí eile. Bíonn ról comhchosúil ó thaobh tacú leis an bhfoireann ag Oifigigh Rochtana in eagraíochtaí áirithe. Tagann líonraí na nOifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas agus na nOifigeach Comhionannais, faoi seach, le chéile go rialta chun taithí agus dea-chleachtas a roinnt lena chéile. Tionólann líonra na nOifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas, ina bhfuil breis is 40 Roinn Rialtais agus comhlachtaí poiblí, ar a chéile go rialta ar feadh na bliana agus foilsíonn siad tuarascáil bhliantúil.

Cheap Fáilte Ireland Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas sa bhliain 2008 agus thuairiscigh siad gur chuir an tOifigeach béim sa bhreis ar agus gur atreisíodh a mbeartas do dhaoine faoi mhíchumas san eagraíocht. Thuairiscigh Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann gurbh é athcheapachán a nOifigigh Rochtana agus Chomhionannais ceann de na bearta ba rathúla a chuir siad i bhfeidhm.

Tá ceangal láidir idir oifigeach ainmnithe a bheith ag obair le baill foirne faoi mhíchumas agus bearta breise rathúla a chur i bhfeidhm. Thuairiscigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go bhfuil forbairt á déanamh ag a nOifigigh Chomhionannais ar chláir oiliúna agus go bhfuil teagmháil á déanamh acu le heagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas chun bacainní i gcoinne fostú daoine faoi mhíchumas a aithint agus chun pleananna a fhorbairt chun deireadh a chur leis na bacainní sin.

Oiliúint i bhFeasacht Mhíchumais/in Éagsúlacht
Is léir do chomhlachtaí poiblí an fiúntas agus an tábhacht a bhaineann le cur chuige saolré a ghlacadh maidir le hoiliúint i bhfeasacht mhíchumais agus/nó oiliúint i gcomhionannas/in éagsúlacht a chur ar fáil dá bhfostaithe.

Thuairiscigh An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia gur mhór an tairbhe a bhain siad as oiliúint i gcomhionannas a chur ar fáil dá mboird agallaimh sa bhliain 2008, chomh maith le hoiliúint i bhfeasacht mhíchumais a chur ar fáil do na baill nua foirne go léir mar chuid dá bpróiseas ionduchtúcháin. Soláthraíonn An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí oiliúint i bhfeasacht mhíchumais mar chuid dá bpacáiste ionduchtúcháin chomh maith agus cinntíonn siad freisin go gcuirtear oiliúint den sórt ar gach ball foirne.

Chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte oiliúint i bhfeasacht mhíchumais agus cineálacha eile oiliúna san áireamh ina gcláir oiliúna don bhainistíocht sa bhliain 2008. Cuirtear oiliúint ar bhainisteoirí líne maidir leis an ról atá acu i gcomhdheiseanna a chur chun cinn agus freastal a dhéanamh ar éagsúlacht.

Eisíonn Suirbhéireacht Ordanáis Éireann treoirlínte maidir le feasacht mhíchumais ar gach ball foirne trí inlíon na heagraíochta agus scaipeann siad faisnéis a eascraíonn ó sheirbhís na nOifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas ar bhaill nua foirne mar chuid den oiliúint ionduchtúcháin a chuirtear orthu.

Chomh maith le hoiliúint a chur ar a mbaill foirne i bhfeasacht mhíchumais agus éagsúlacht, cuireann Teagasc feasacht chun cinn chomh maith trí bhíthin nuachtlitreacha foirne.

Ceangail le heagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas
Thuairiscigh líon áirithe comhlachtaí poiblí gur sheol siad eolas faoi fholúntais thart timpeall chuig eagraíochtaí sonracha do dhaoine faoi mhíchumas nó chuig bratchomhlachtaí do dhaoine faoi mhíchumas. D'éirigh le Fiontraíocht Éireann ceangail a dhéanamh le grúpaí áitiúla do dhaoine faoi mhíchumas agus thacaigh siad le comheagrais fostaíochta agus b'fhostaíocht nó socrúcháin phoist do dhaoine faoi mhíchumas toradh na gceangal sin.

Taithí Oibre
Cuireann líon áirithe de chomhlachtaí poiblí socrúcháin taithí oibre ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas tríd an gclár WAM (**Willing Able Mentoring**) atá á reáchtáil ag an gCumann um Rochtain ar Ardoideachas agus um Míchumas (AHEAD), nó trí cheangail a dhéanamh le heagraíochtaí eile do dhaoine faoi mhíchumas. Thuairiscigh An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, An Roinn Gnóthaí Eachtracha, An Roinn Sláinte agus Leanaí, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an Roinn Iompair go raibh siad go léir rannpháirteach sa Chlár WAM sa bhliain 2008.

Is minic a sholáthraíonn roinnt de na comhlachtaí níos lú nach é ba dhóichí de go mbeadh folúntais rialta foirne le líonadh acu, deiseanna taithí oibre do dhaoine faoi mhíchumas. Thug Fiontraíocht Éireann daoine isteach as Áras Mhichíl atá ina aice láimhe chun obair athchúrsála a dhéanamh.

Ón mbliain 2006 i leith, tá clár an-rathúil Oiliúna do Dhaoine Faoi Mhíchumas á reáchtáil ag BSL chun taithí oibre ar phá agus oiliúint ar feadh 6 mhí chomh maith le hoiliúint i scileanna ullmhúcháin CV agus agallaimh a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas. Ghlac 13 duine páirt sa chlár sa bhliain 2008 agus d'fhostaigh BSL beirt den líon rannpháirtithe sin ó shin i leith. Táthar chun an clár seo a leathnú ar feadh 3 bliana eile go dtí 2011.

Chun críocha an phróisis tuairiscithe agus mhonatóireachta faoi Chuid 5 áirítear agus déantar anailís ar leithligh ar na daoine sin ar thaithí/shocrúcháin oibre i mbliain fhéilire agus ní áirítear iad i bpríomhthuairisceán foirne an chomhlachta phoiblí.

Iniúchtaí ar Rochtain
Thuairiscigh an iliomad de chomhlachtaí poiblí chomh maith gur beart an-dearfach an t-iniúchadh a rinneadh ar rochtain. Chuaigh an VHI i dteagmháil le hailtire ag a bhfuil suim ar leith i gcóiríocht a bheadh oiriúnach do riachtanais fostaithe faoi mhíchumas chun iniúchadh a dhéanamh ar rochtain ar a bpríomhoifig earcaíochta i gCill Chainnigh.

Áireamh Foirne
Bhí sé le rá ag roinnt de na comhlachtaí poiblí gur díríodh an athuair ar shaincheisteanna daoine faoi mhíchumas ag an obair agus gur tarraingíodh aird arís orthu de bharr an áirimh foirne a rinneadh agus gurbh é sin a chuir dlús faoina

thuilleadh gníomhartha sa réimse seo. Thuairiscigh an Bord um Chúnamh Dlíthiúil gur fholaigh siad an fhoirm áirimh ina bpacáistí ionduchtúcháin.

Chinn An Post sa bhliain 2007 na tuairisceáin áirimh go léir a phróiseáil trína Roinn Sláinte Cheirde. Ba ráta freagartha i bhfad níos airde ná baineadh amach roimhe sin a thoradh. Cuireadh na próisis chéanna i bhfeidhm sa bhliain 2008 agus d'éirigh níos fearr leis na próisis. Ba léir gur chuir an cur chuige seo roinnt fostaithe a bhféadfadh imní a bheith orthu faoi rúndacht ar a suaimhneas.

Conclúid

Tugann an fhianaise le fios go mbíonn toradh le baint as cur chuige córasach chun tacú le baill foirne faoi mhíchumas ó thaobh ráta níos airde de bhaill foirne faoi mhíchumas i bhfostaíocht.

3. Anailís ar na sonraí don bhliain 2008

Réamhrá

Is ionann an 381 eagraíocht (255 tacar sonraí) ar ar tuairiscíodh le chéile i sonraí na bliana 2008 agus líon iomlán lucht oibre de dhíreach faoi bhun 229,000. Tuairiscíodh go raibh 2.7% díobh sin faoi mhíchumas de réir mar a shainmhínítear 'míchumas' san Acht.

An sprioc fostaíochta 3% a bhaint amach

Thuairiscigh díreach os cionn leath (55%) d'eagraíochtaí gur bhain siad amach nó gur sháraigh siad an sprioc fostaíochta 3% don bhliain 2007 (Tábla 3.1). Is ionann é sin agus ardú beag ar an mbliain 2007 ós gur 51% de chomhlachtaí a thuairiscigh gur bhain siad an sprioc amach nó gur sháraigh said í. Thug beagán le cois aon cúigiú (23%) cuid de na heagraíochtaí le fios nach raibh ball foirne ar bith i lucht saothair na heagraíochta a bhí faoi mhíchumas. B'ionann an céatadán sin agus laghdú beag ar fhigiúirí na bliana 2007 (26%).

Tábla 3.1 An sprioc fostaíochta 3% a bhaint amach

Céatadán den fhoireann faoi mhíchumas	Líon	%
Nialas	58	22.7
0.1% < 1%	8	3.1
1% < 2%	23	9.0
2% < 3%	26	10.2
3% +	140	54.9
Iomlán	255	100.0

I gcás gur soláthraíodh faisnéis ar an modh bailithe sonraí, thuairiscigh beagán le cois leath de na tacair shonraí (56%) gur seoladh áireamh foirne (Tábla 3.2). Ba 70% meánráta na n-eagraíochtaí a ghlac páirt san áireamh. Tuairiscíodh gur úsáideadh modhanna éagsúla eile amhail scrúdú a dhéanamh ar thaifid Acmhainní Daonna sna tacair shonraí atá fágtha.

Tábla 3.2 Modh Bailithe sonraí

Áireamh Foirne na bhfostaithe sa bhliain 2008	Líon	%
Rinneadh[8]	142	55.7
Ní dhearnadh nó níl i gceist	113	44.3
Iomlán	255	100.0

Tá táblaí ginearálaithe agus tráchtaireacht i ndáil leis na sonraí a fuarthas faoi chaibidil sa chuid eile de Chaibidil 3. Tugtar sonraí gach comhlachta phoiblí i bhfoirm tábla in Aguisín A.

[8] Áirítear san fhigiúr na comhlachtaí poiblí sin a 'bhreisigh' a bhfigiúirí áireamh foirne, agus tuairisceáin 2007 in úsáid acu mar bhonnlíne, agus nár scaip foirmeacha ar na baill foirne go léir. Léigh Aguisín B mar a bhfuil liosta de na comhlachtaí sin a thuairiscigh 30%+ de thuairisceáin

Méid na nEagraíochtaí

Is mór an difríocht atá idir méid na n-eagraíochtaí (Tábla 3.3). Ba 10 nó níos lú líon na bhfostaithe i 10% d'eagraíochtaí. Ba idir 11 agus 200 líon na bhfostaithe i mbeagán faoi bhun leath de na heagraíochtaí (46%). Bhain 16% de na tuairisceáin le heagraíochtaí níos mó ina raibh breis is 1,000 ball foirne ach b'ionann na heagraíochtaí seo agus 80% den lucht oibre sna comhlachtaí go léir a chuir isteach tuairisceáin agus b'ionann iad agus beagnach trí ceathrú cuid (73%) den daonra iomlán fostaithe faoi mhíchumas.

Tábla 3.3 Méid na n-eagraíochtaí

Catagóir	Líon tacar sonraí	% comhlachtaí	Líon iomlán fostaithe	% de na fostaithe go léir	Líon iomlán fostaithe faoi míchumas	% d'fhostaithe faoi míchumas
10 nó níos lú	25	9.8	139	0.1	3	2.2
11 - 50	59	23.1	1,705	0.7	66	3.9
51 - 200	59	23.1	6,379	2.8	204	3.2
201 - 500	38	14.9	12,685	5.6	499	3.9
501 - 1,000	34	13.3	24,122	10.6	863	3.6
1,000 - 5,000	34	13.3	73,641	32.3	1,963	2.7
5,001 agus níos airde	6	2.4	109,492	48.0	2,485	2.3
Iomlán	255	100.0	228,163	100.0	6,083	2.7

Ba é ba dhóiche de gur bhain méid na heagraíochta le cibé ar baineadh amach nó ar sáraíodh an sprioc 3% ach d'ainneoin sin laghdaigh an ráta comhlíonta maidir leis na comhlachtaí poiblí sin inar mó ná 1000 líon na mball foirne. Tugadh faoi deara gur tháinig ardú – ó 12% i gcomhlachtaí ina raibh deichniúr fostaí (10) nó níos lú go 79% i gcomhlachtaí ina raibh idir 201 agus 1000 fostaí – ar chéatadán na n-eagraíochtaí a bhain amach nó a sháraigh an sprioc sa bhliain 2008 agus gur thit an céatadán sin go 60% maidir le comhlachtaí ina raibh breis is 1000 fostaí. Tugadh patrún cosúil faoi deara i sonraí na bliana 2006 agus 2007. Arís eile sa bhliain 2008, cinneadh gurbh é go mór ba dhóiche de go dtuairisceodh comhlachtaí níos lú nach mbeadh duine ar bith faoi mhíchumas dearbhaithe fostaithe iontu (88% i gcomhlachtaí ina bhfostaítear deichniúr (10) ball foirne nó níos lú). Thuairiscigh na comhlachtaí go léir ina raibh breis is 200 ball foirne go raibh daoine faoi mhíchumas dearbhaithe fostaithe iontu.

Tábla 3.4 Céatadán den fhoireann faoi mhíchumas dearbhaithe de réir mhéid na n-eagraíochtaí

Céatadán den fhoireann faoi mhíchumas	Líon fostaithe											
	10 nó níos lú		11-50		51-200		201-1,000		1,001 agus níos airde		Iomlán	
	Líon	%	Líon	%	Líon	%	Líon	%	Líon	%	Líon	%
Nialas	22	88.0	27	45.8	9	15.3	0	.0	0	.0	58	22.8
0.1% < 1%	0	0.0	0	0.0	0	0.0	4	5.6	4	10.0	8	3.1
1% < 2%	0	0.0	0	0.0	11	18.6	4	5.6	8	20.0	23	9.0
2% < 3 %	0	0.0	9	15.3	6	10.2	7	9.7	4	10.0	26	10.2
3% +	3	12.0	23	39.0	33	55.9	57	79.1	24	60.0	140	54.9
Iomlán	25	100.0	59	100.0	59	100.0	72	100.0	40	100.0	255	100.0

An cineál eagraíochta

Maidir leis an mbliain 2007 rangaíodh gur chomhlachtaí poiblí neamhthráchtála isteach agus amach le leath (49%) de na comhlachtaí poiblí a clúdaíodh (Tábla 3.5).

Tabla 3.5 An cineál eagraíochta

An Cineál Comhlacht Poiblí	Líon	%	Iomlán na foirne	%
Ranna Rialtais	16	6.3	21,129	9.3
Rialtas Áitiúil	40	15.7	38,364	16.8
Comhlachtaí Poiblí inar Státseirbhísigh an fhoireann	47	18.4	17,530	7.7
Comhlachtaí Neamhthráchtála	125	49.0	109,395	47.9
Comhlachtaí tráchtála	27	10.6	41,751	18.3
Iomlán	255	100.0	228,169	100.0

Mar an gcéanna leis an mbliain 2007, cinneadh gur mhó na céatadáin de chomhlachtaí rialtais agus de chomhlachtaí rialtais áitiúil a bhain amach agus a sháraigh an sprioc 3% (Tábla 3.6). Tá miondealú iomlán ar shonraí Ranna Rialtais le fáil in Aguisín A.

Tábla 3.6 Céatadán den fhoireann faoi mhíchumas de réir chineál na heagraíocht

Céatadán den fhoireann faoi mhíchumas	An Cineál Comhlacht Poiblí:											
	T		RR		RÁ		NT		CPSF		Iomlán	
	Líon	%	Líon	%	Líon	%	Líon	%	Líon	%	Líon	%
Nialas	4	14.8	0	0.0	2	5.0	37	29.6	15	31.9	58	22.7
0.1 < 3%	11	40.7	0	0.0	4	10.0	35	28.0	7	14.9	57	22.4
3% +	12	44.4	16	100.0	34	85.0	53	42.4	25	53.2	140	54.9
Iomlán	27	100.0	16	100.0	40	100.0	125	100.0	47	100.0	255	100.0

Roinn Rialtais – RR; Comhlacht Poiblí inar Státseirbhísigh an Fhoireann – CPSF; Rialtas Áitiúil – RÁ; Comhlacht Tráchtála – T; Comhlacht Neamhthráchtála - NT

Iniúchtaí ar Rochtain

Chuir os cionn leath (57%) de na comhlachtaí poiblí in iúl go ndearna siad iniúchadh ar rochtain ar a n-áitribh agus/nó a láithreacha (Tábla 3.7). Chuir 18% eile in iúl go ndearna siad iniúchadh ar rochtain ar roinnt dá n-áitribh agus/nó dá láithreacha.Tábla 3.7 Iniúchadh ar rochtain ar áitribh agus/nó ar láithreacha

Tábla 3.7 Iniúchadh ar rochtain ar áitribh agus/nó ar láithreacha

Iniúchadh ar rochtain ar áitribh agus/nó ar láithreacha	Líon	%
Rinneadh	144	56.5
Rinneadh ar roinnt díobh	46	18.0
Ní dhearnadh	60	23.5
Níor soláthraíodh sonraí	5	2.0
Iomlán	255	100.0

Bhí a shé oiread de sheans ann go mbainfeadh na comhlachtaí poiblí sin a rinne iniúchadh ar rochtain ar chuid dá n-áitribh nó dá láithreacha nó ar a n-áitribh nó a láithreacha go léir an sprioc 3% amach seachas na comhlachtaí poiblí sin a thuairiscigh nach ndearna siad iniúchadh ar bith ar rochtain (Tábla 3.8). Bhí a thrí oiread de sheans ann nach mbeadh aon duine faoi mhíchumas fostaithe sna comhlachtaí siúd a thuairiscigh nach ndearnadh iniúchadh ar bith ar rochtain seachas na comhlachtaí sin a rinne iniúchadh ar rochtain ar chuid dá n-áitribh nó dá láithreacha nó ar a n-áitribh nó a láithreacha go léir.

Tábla 3.8 Céatadán den fhoireann faoi mhíchumas de réir iniúchadh ar rochtain

Céatadán den fhoireann faoi mhíchumas	Ní dhearnadh Iniúchadh ar Rochtain		Iniúchadh ar rochtain ar na háitribh go léir nó ar roinnt díobh		Ní leor na sonraí a soláthraíodh	
	Lìon	%	Lìon	%	Lìon	%
Nialas	28	48.3	29	50.0	1	1.7
0.1 < 3%	12	21.1	44	77.2	1	1.8
3% +	20	14.3	117	83.6	3	2.1
Iomlán	60	23.5	190	74.5	5	2.0

Beartas/cód cleachtais i scríbhinn

Chuir tromlach (81%) na gcomhlachtaí poiblí in iúl go raibh plean gníomhaíochta nó beartas i scríbhinn acu maidir le fostú daoine faoi mhíchumas agus/nó go raibh siad faoi réir ag cód cleachtais maidir le fostú daoine faoi mhíchumas (Tábla 3.9). Thuairiscigh líon comhionann de chomhlachtaí (104 agus 104) go raibh ceann nó ceann eile, ar a laghad, i bhfeidhm acu. Is cóir a thabhairt faoi deara go dtugann caighdeán na sonraí a fuarthas i ndáil leis an réimse seo le fios go bhféadfadh roinnt áirithe de róthuairisciú a bheith i gceist.

Tábla 3.9 Plean gníomhaíochta, beartas nó cód cleachtais i scríbhinn i ndáil le fostú daoine faoi mhíchumas

Plean gníomhaíochta, bearta nó cód cleachtais i scríbhinn	Líon	%
Rinneadh	208*	81.6
Ní dhearnadh	45**	17.6
Níor soláthraíodh sonraí	2	0.8
Iomlán	255	100.0

* lena n-áirítear eagraíocht amháin le plean/beartas/cód a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh orthu faoi láthair

** lena n-áirítear eagraíocht amháin a thuairiscigh go raibh forbairt á déanamh ar phlean/beartas faoi láthair

Bhain beagnach 60% de chomhlachtaí poiblí a raibh beartais, pleananna gníomhaíochta nó cóid chleachtais i scríbhinn i bhfeidhm acu amach an sprioc 3% nó sháraigh siad í, i gcomparáid le 33% nach raibh beartais, pleananna gníomhaíochta nó cóid chleachtais i scríbhinn i bhfeidhm acu. (Tábla 3.10).

Tábla 3.10 Céatadán den fhoireann faoi mhíchumas de réir plean gníomhaíochta, beartas nó cód cleachtais i scríbhinn a bheith i bhfeidhm maidir le fostú daoine faoi mhíchumas

Cèatadan den fhoireann faoi mìchumas	Gan Plean, beartas/cód cleachtais i scrìbhinn		Plean, beartas/cód cleachtais i scrìbhinn		Iomlán	
	Lìon	%	Lìon	%	Lìon	%
Nialas	16	35.6	42	20.2	58	22.9
0.1 < 3%	14	31.1	42	20.2	56	22.1
3% +	15	33.3	124	59.6	139	55.0
Iomlán	45	100.0	208	100.0	253	100.0

Ní leor na sonraí a soláthraíodh: 2

Taithí oibre

Chuir 82% de chomhlachtaí poiblí in iúl nach raibh duine ar bith a bhí faoi mhíchumas ar thaithí oibre ina n-eagraíocht (Tábla 3.11). Thuairiscigh aon deichiú cuid díobh go raibh duine amháin ar a laghad a bhí faoi mhíchumas ar thaithí oibre san eagraíocht. Bhí beirt nó níos mó daoine faoi mhíchumas ar thaithí oibre sa chuid eile.

Tábla 3.11 Daoine faoi mhíchumas ar thaithí oibre

Líon na ndaoine faoi mhíchumas at thathí oibre	Líon	%
Duine ar bith	209	82.0
1	27	10.6
2 nó níos mó	19	7.4
Iomlán	255	100.0

Bhí ráta comhlíonta na gcomhlachtaí poiblí siúd a thuairiscigh go raibh duine amháin nó níos mó ná duine amháin faoi mhíchumas ar thaithí oibre acu beagnach dhá

oiread ráta na n-eagraíochtaí sin a thuairiscigh nach raibh duine ar bith faoi mhíchumas ar thaithí oibre acu (Tábla 3.12).

Tábla 3.12 Céatadán den fhoireann faoi mhíchumas de réir na ndaoine faoi mhíchumas ar thaithí oibre

Céatadán den fhoireann faoi mhìchumas	Duine ar bith		Duine amháin (1) níos mó ná duine amháin	
	Líon	%	Líon	%
Nialas	56	26.8	2	4.3
0.1 < 3%	52	24.9	5	10.9
3% +	101	48.3	39	84.8
Iomlán	209	100.0	46	100.0

Earcaíocht agus athrúchán foirne

Chuir aon cúigiú cuid (21%) de chomhlachtaí poiblí in iúl nár earcaigh siad féin a bhfoirne féin (Tábla 3.13).

Tábla 3.13 Earcaíocht foirne

Earcaíonn siad féin a bhfoireann go léir nó formhór a bhfoirne	Líon	%
Earcaíonn	200	78.4
Ní earcaíonn	54	21.2
Níor soláthraíodh sonraí	1	0.4
Iomlán	255	100.0

Chuir 199 de na tacair shonraí a fuarthas maidir le comhlachtaí a léirigh gur earcaigh siad féin a bhfoireann faisnéis ar fáil faoin líon daoine a earcaíodh sa bhliain 2008. Thuairiscigh 32 (16%) den 199 nár earcaíodh fostaí ar bith sa bhliain 2008 (Tábla 3.14). Áiríodh 17,937 (88%) den 20,341 fostaí a d'earcaigh comhlachtaí poiblí go foriomlán sa bhliain 2008 ar na heagraíochtaí eile le chéile a d'earcaigh a bhfostaithe féin. Is ionann an leibhéal earcaíochta seo agus 9.3% den lucht saothair iomlán sna heagraíochtaí seo.

Ba 31,000 comhiomlán na dtuairisceán comhfhreagrach don earcaíocht sa bhliain 2007.

Tábla 3.14 Athrúchán foirne

Líon fostaithe a earcaíodh sa bhliain 2008	Líon	%
Níor earcaíodh dhuine ar bith	32	12.5
Earcaíodh dhuine (1) nó níos mó ná duine amháin	222	87.1
Níor soláthraíodh sonraí	1	0.4
Iomlán	255	100.0

Ba chomhlachtaí neamhthráchtála ba mhinice a thuairiscigh gur earcaigh siad fostaithe sa bhliain 2008 (109 comhlacht) (Tábla 3.15). Ba iad an rialtas áitiúil a thuairiscigh an leibhéal ab airde de ghníomhaíocht earcaíochta (98%) in earnáil áirithe amháin ar bith (ba 86% meánleibhéal earcaíochta na gcineálacha eile de chomhlachtaí poiblí). Ba sna comhlachtaí poiblí inar státseirbhísigh an fhoireann a tuairiscíodh an ráta ab airde (21%) maidir le gan earcaíocht ar bith a bheith ar siúl iontu sa bhliain 2008.

Tábla 3.15 Earcaíocht i ngach cineál comhlacht poiblí

Líon fostaithe a earcaíodh sa bhliain 2008	**An Cineál Comhlacht Poiblí:**										**Iomlán**	
	T		RR		RÁ		NT		CPSF			
	Líon	%	Líon	%	Líon	%	Líon	%	Líon	%	Líon	%
Níor earcaíodh duine ar bith	5	18.5	1	6.3	1	2.5%	15	12.1	10	21.3	32	12.6
Earcaíodh duine (1) nó níos mó ná duine amháin	22	81.5	15	93.8	39	97.5	109	87.9	37	78.7	222	87.4
Iomlán	27	100.0	16	100.0	40	100.0	124	100.0	47	100.0	254	100.0

Roinn Rialtais - RR; Comhlacht Poiblí inar Státseirbhísigh an Fhoireann – CPSF; Rialtas Áitiúil – RÁ; Comhlacht Tráchtála – T; Comhlacht Neamhthráchtála - NT

Níor soláthraíodh sonraí: 1

Chuir 196 de na heagraíochtaí a bhíonn freagrach as a bhfoireann go léir nó as formhór a bhfoirne a earcú an líon folúntas a bhí acu ag deireadh na bliana 2008 in iúl. Chuir níos lú ná a leath (43%) in iúl nach raibh folúntais ar bith acu (Tábla 3.16). Bhí breis agus 1,561 folúntas sna comhlachtaí a bhí fágtha a bhíonn freagrach as a bhfoireann féin a earcú. Cuirtear an figiúr sin i gcomparáid le 2,700 folúntas sa bhliain 2007.

Tábla 3.16 Folúntais foirne

Líon folúntas ag deireadh na blianan 2008	**Líon**	**%**
Gan folúntas ar bith	109	42.7
Folúntas amháin (1) nó níos mó ná folúntas amháin	139	54.5
Níor soláthraíodh sonraí	7	2.7
Iomlán	255	100.0

Cé gur tugadh faoi deara gurbh i ngrúpa na gcomhlachtaí neamhthráchtála a bhí an líon ab airde (66 as 139 san iomlán arbh ionann é agus 48%) d'fholúntais foirne ag deireadh na bliana 2008, tugadh faoi deara gur sa rialtas áitiúil a bhí an céatadán ab airde d'fholúntais ós gur thuairiscigh 79% de chomhlachtaí go raibh folúntas amháin nó níos mó iontu ag deireadh na bliana sin (Tábla 3.17).

Tábla 3.17 Folúntais foirne i ngach cineál comhlacht poiblí

Líon folúntas ag deireadh na bliana 2008	An Cineál Comhlacht Poiblí:											
	T		RR		RÁ		NT		CPSF		Iomlán	
Gan folúntas ar bith	15	55.6	3	21.4	8	21.1	57	46.3	26	56.5	109	44.0
Folúntas amháin (1) nó níos mó ná folúntas amháin	12	44.4	11	78.6	30	78.9	66	53.7	20	43.5	139	56.0
Iomlán	27	100.0	14	100.0	38	100.0	123	100.0	46	100.0	248	100.0

Roinn Rialtais - RR; Comhlacht Poiblí inar Státseirbhísigh an Fhoireann – CPSF; Rialtas Áitiúil – RÁ; Comhlacht Tráchtála – T; Comhlacht Neamhthráchtála - NT

Níor soláthraíodh sonraí: 7

4. Cuid 5 a chomhlíonadh

Sanntar feidhmeanna ó thaobh monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus ar neamh-chomhlíonadh faoin Acht ar choistí monatóireachta Chuid 5 agus ar an Údarás Náisiúnta Míchumais.

Is é ról na gcoistí monatóireachta monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus comhlíonadh a spreagadh i gcomhairle leis an Údarás Náisiúnta Míchumais (alt 48(3)).

Faoi alt 49 den Acht más rud é, i dtuairim an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais, nach gcomhlíonann comhlacht poiblí Cuid 5 faoi dheireadh dhá bhliain ar bith as a chéile, féadfaidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, le toiliú an Aire lena mbaineann, a iarraidh ar an gcomhlacht cibé bearta a shonróidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais a ghlacadh chun comhlíonadh den sórt a chinntiú, agus comhlíonfaidh an comhlacht an iarraidh sin.

Lasmuigh den réim

Ní bhíonn feidhm ag ceist an chomhlíonta maidir leis na comhlachtaí poiblí atá lasmuigh de réim Chuid 5 ós nach mbaineann an chuid sin den Acht leo. I gcás nach bhfuil ceann amháin, nó níos mó, de ghnéithe an tsainmhínithe arna leagan amach in alt 46(2) i bhfeidhm sa chás sin ní bhíonn an comhlacht áirithe sin san áireamh faoi réim Chuid 5.

Oibleagáid tuairiscithe

A thúise is a mheastar comhlacht poiblí a bheith faoi réim an tsainmhínithe sa chás sin bíonn d'oibleagáid ar an gcomhlacht a thuairisciú go bliantúil maidir leis an gcaoi ina bhfuil fostú daoine faoi mhíchumas á chur chun cinn agus á thacú acu agus maidir leis an líon daoine atá fostaithe sa chomhlacht a nochtaigh gur daoine faoi mhíchumas iad a thagann leis an sainmhíniú in alt 2 den Acht.

Comhlíonadh leis an sprioc 3%

Leagtar amach san Acht:

> "…unless there is good reason to the contrary for not doing so…" [mura mbeidh cúis mhaith lena mhalairt gan déanamh amhlaidh] - alt 47(2)

gur chóir do na comhlachtaí poiblí go léir an sprioc reachtúil is lú a bhaint amach.

Ba iad seo a leanas na cúiseanna ba mhinice a tuairiscíodh chun gan comhlíonadh a bhaint amach:

- Níl baill foirne ar bith ag an eagraíocht (mar shampla is daoine nach státseirbhísigh/fostaithe sa tseirbhís phoiblí iad comhaltaí boird/coiste an chomhlachta agus is speansais seachas tuarastal a íoctar leo)
- Líon beag foirne agus teorainn leis an líon athrúchán foirne
- Tá an tsábháilteacht ina ghné chriticiúil den obair
- Fadhbanna le cruinneas na sonraí a tuairiscíodh, cibé de bharr saincheisteanna faoi nochtadh nó gur tuairiscíodh ráta íseal freagartha in áireamh foirne

Leagtar amach anseo a leanas na critéir ghinearálta atá ceaptha ag an Údarás Náisiúnta Míchumais a chabhróidh chun measúnú a chur i dtoll a chéile ar neamhchomhlíonadh ar feadh dhá bhliain as a chéile faoi fhorálacha alt 49 den Acht. Cuireadh na critéir seo in iúl do na coistí monatóireachta go léir.

Fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis
Tá dualgas de réir an dlí ar chomhlachtaí poiblí, a mhéid is indéanta, gach beart réasúnach a ghlacadh chun fostú daoine faoi mhíchumas acusan a chur chun cinn agus tacú leis, agus iarrtar orthu faisnéis a sholáthar ina dtuairiscí reachtúla maidir leis na bearta a glacadh chuige sin. Cé go gcuireann roinnt comhlachtaí síos go mion ar bheartais nó ar ghníomhartha suntasacha atá i bhfeidhm chun an oibleagáid seo a chomhlíonadh, tuairiscíonn roinnt comhlachtaí eile nach bhfuil gníomhartha ar bith i bhfeidhm faoin gceannteideal seo. Ní dhéanann comhlachtaí eile ach ráitis ghinearálta amhail “is fostóir comhdheiseanna muid” agus is íoscheanglas reachtúil é sin ar aon chuma.

Comhlíonadh foriomlán
Scrúdaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais fianaise a cuireadh ar fáil i ndáil le fostaíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis, i dteannta leis an gcéatadán iarbhír de bhaill foirne faoi mhíchumas a tuairiscíodh, a mhéid is a bhí an céatadán faoi bhun an 3%, méid an chomhlachta a bhí i gceist agus saincheisteanna ar bith a bhain le bailiú sonraí, chun bheith mar bhonn agus mar thaca ag an measúnú foriomlán a rinne siad i dtaobh cibé ar chomhlíon nó nár chomhlíon an comhlacht Cuid 5 den Acht sa bhliain 2007 agus 2008. Faoi mar atá tugtha síos thuas, is féidir leis an NDA, le toiliú an Aire cuí, a iarraidh go nglacfaidh an comhlacht poiblí bearta chun comhlíonadh a chinntiú tar éis dhá bhliain as a chéile de neamhchomhlíonadh.

Tá an NDA ag tabhairt faoi phróiseas faoi alt 49(1), i gcomhar leis na hAirí cuí agus leis na coistí monatóireachta, chun a thuilleadh faisnéise a iarraidh ar chomhlachtaí poiblí áirithe d’fhonn a chinneadh cibé an bhfuil Cuid 5 á comhlíonadh ag na comhlachtaí sin. Táthar ag súil leis go leagfar measúnuithe ar chomhlíonadh agus moltaí amach i dtuarascáil a chuirfear faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí sa bhliain 2010, ag féachaint do na sprioc-amanna reachtúla atá ann do chomhlachtaí poiblí chun faisnéis dá sórt a sholáthar agus do na measúnuithe agus an comhairliúchán a mbeifear le tabhairt fúthu ina dhiaidh sin.

Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh
Is mór ag an Údarás Náisiúnta Míchumais a thabhairt faoi deara gur tuairiscíodh dul chun cinn a bheith déanta sa bhliain 2008 maidir le roinnt comhlachtaí a raibh imní ar an NDA fúthu sa bhliain 2007. Tá os cionn 3% de bhaill foirne faoi mhíchumas in dhá cheann de na comhlachtaí sin anois, agus tá an tríú comhlacht nach raibh aige ach an bhaint ba lú le míchumas sa bhliain 2007, tar éis dua a chaitheamh ó thaobh a mbeartais agus a nósanna imeachta maidir leis seo a fhorbairt sa bhliain 2008.

Agus é á chinneadh cibé an bhfuil comhlíonadh á bhaint amach ag comhlacht poiblí tabharfar deis do gach comhlacht poiblí a imthosca a shoiléiriú agus modhanna a chur i láthair maidir lena ndéanfaidh sé chun comhlíonadh a bhaint amach. Iarrfar ar

gach coiste monatóireachta cuí a dtuairimí a thabhairt ar bhearta a bhféadfadh an comhlacht poiblí dul ina n-iontaoibh chun comhlíonadh a bhaint amach.

Tugtar roinnt saoire do chomhlachtaí poiblí faoin Acht mar gur féidir leo na habairtíní seo a leanas a lua:

- "in so far as practicable" **[a mhéid is indéanta]** agus
- "unless there is good reason to the contrary for not doing so", [**mura mbeidh cúis mhaith lena mhalairt gan déanamh amhlaidh]**

chun a n-imthosca ar leith a mhíniú

Is é an bealach is simplí lena chinneadh cibé an bhfuil Cuid 5 á comhlíonadh ag comhlacht poiblí a fháil amach cibé an bhfuil an sprioc 3% bainte amach nó sáraithe acu. Is tútach an beart é seo a dhéanamh i roinnt cásanna mar go bhféadfadh gur ann do chúiseanna bailí nár éirigh leo an sprioc a bhaint amach. D'fhéadfadh freisin gur ann do chomhlachtaí poiblí nár bhain an íos-sprioc reachtúil seo amach fós ach a bhfuil iarrachtaí láidre á ndéanamh acu chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis.

De ghnáth bíonn an cumas ag eagraíochtaí móra beartais ar mhíchumas/ar chomhionannas agus nósanna imeachta a fhorbairt agus bíonn na hacmhainní acu chun monatóireacht a dhéanamh orthu agus tacú leo. Is minic gurb iadsan na heagraíochtaí a thaispeántar mar eiseamláirí don chuid eile den tseirbhís phoiblí.

Is léir ón bpróiseas monatóireachta go dáta go mbeidh líon áirithe de chomhlachtaí poiblí ann i gcónaí nach mbeidh ar a gcumas an sprioc 3% a bhaint amach ar chúiseanna áirithe. Luaigh líon beag de chomhlachtaí poiblí na feidhmeanna ardspeisialaithe atá ag a n-eagraíocht mar chúis le nach raibh ar a gcumas daoine faoi mhíchumas a fhostú. Cé nach gciallaíonn sé seo nach n-oireann na poist seo do dhaoine faoi mhíchumas, tá sé le tuiscint as go mbíonn sé níos deacra ar na comhlachtaí poiblí seo iarrthóirí faoi mhíchumas a bhíonn cáilithe go cuí a earcú.

Saincheisteanna maidir le bailiú sonraí
Is ann do roinnt eagraíochtaí a bhfuil líon mór de bhaill foirne iontu ach tá na baill foirne sin scaipthe thart timpeall go leor áiteanna ar fud na tíre, nó is gá dóibh a bheith faoi bhealach/den suíomh ar mhaithe lena bhfostaíocht. B'fhéidir, go príomha, gur cúrsaí lóistíochta is cúis leis na rátaí ísle freagartha, ar a mbunaítear na céatadáin ísle.

Mhol an tÚdarás Náisiúnta Míchumais go dtabharfaí faoi áireamh foirne don bhliain 2007 agus d'úsáid os cionn 60% de chomhlachtaí poiblí an fhoirm mholta, agus í sin amháin, chun a dtuarascálacha reachtúla a líonadh. Maidir leis an mbliain 2008 mhol an NDA go ndéanfaí monatóireacht ar dhul isteach dhaoine faoi mhíchumas sa tseirbhís phoiblí agus ar a n-imeacht aisti i gcás go raibh an ráta freagartha ar an áireamh foirne sách ard (85% agus os a chionn) don bhliain 2007. Moladh do na comhlachtaí poiblí sin, a raibh a rátaí freagartha faoi sin, ráta freagartha 2007 a úsáid mar bhonnlíne agus iarracht a dhéanamh teacht ar na fostaithe sin nár dhearbhaigh a stádas míchumais roimhe sin.

Faoi mar a tharla sa bhliain 2007, luaigh roinnt comhlachtaí poiblí go raibh fadhbanna acu taifead cruinn a thabhairt ar líon na mball foirne faoi mhíchumas a bhí fostaithe iontu. Bhí an céatadán foirne faoi mhíchumas a tuairiscíodh faoi bhun na sprice dá thoradh sin. Bunaíodh figiúirí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar an ráta freagartha 44% a fuarthas ar an áireamh foirne ar mhíchumas. Aithníonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais gur bhain dúshlán ar leith le sonraí den sórt a bhailiú in eagraíocht atá chomh mór agus chomh casta le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Luaigh Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna Fhostaithe Sibhialta na nGardaí Síochána, Iarnród Éireann agus Bus Átha Cliath chomh maith gur dheacair leo freagra ar bith a fháil ar an áireamh foirne. Dúirt roinnt eagraíochtaí a bhí faoi bhun na sprice go raibh na sonraí uireasach mar go raibh drogall ar bhaill foirne míchumas a nochtadh go foirmiúil.

Glacann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais leis, i gcás comhlachtaí a raibh an comhaireamh a rinne siad ar bhaill foirne faoi mhíchumas uireasach, go bhféadfadh go mbeadh an céatadán bunúsach de na baill foirne faoi mhíchumas níos airde ná an céatadán a thugtar síos sna táblaí. Tugann an NDA faoi deara gur luaigh go leor de na heagraíochtaí seo go mbeadh a thuilleadh beart á bhforfheidhmiú acu chun fostaithe a spreagadh chun bheith páirteach sa phróiseas monatóireachta.

Samplaí de neamhchomhlíonadh

Is léir ón bhfaisnéis a soláthraíodh nach ann ach do bheagán comhlachtaí, a bhfuil an cumas acu i ndáil leis an gcomhlíonadh, nach bhfuil an iarracht á déanamh acu déanamh amhlaidh. I gcás nár bhain siad an sprioc 3% amach tá a ndícheall á dhéanamh acu chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis. D'fhéadfadh, mar a luadh níos luaithe, gurbh fhachtóir é drogall a bheith ar bhaill foirne míchumas a nochtadh a d'fhágfadh go mbeadh an tuairisciú a dhéanfaí ar líon na mball foirne faoi mhíchumas faoi bhun an lín iarbhír.

I gcás gur léir, bunaithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh, nach ndearna comhlacht poiblí iarracht dháiríre chun a chinntiú go gclúdófaí na baill foirne go léir ina bhfostaíocht, agus gur ráta freagartha an-íseal a bhí mar thoradh ar áireamh foirne, is ar an gcomhlacht fós atá an dualgas tuairisceán cuimsitheach a chur isteach ionas gur féidir méid an chomhlíonta a mheas go cruinn.

Glacann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais leis go bhfuil tionchar suntasach ag méid na heagraíochta ar cibé an bhfuil sé réalaíoch ráta 3% de bhaill foirne faoi mhíchumas a bhaint amach. Bíonn sé rídheacair ar chomhlachtaí an-bheag an ceanglas seo a chur i gcrích.

Tuigeann an NDA, agus scrúdú á dhéanamh acu ar cibé an bhféadfaí féachaint ar chomhlacht mar chomhlacht atá neamhchomhlíontach go cinntitheach, dá dtarlódh go bhfágfadh fiú is aon bhall foirne amháin faoi mhíchumas dearbhaithe an eagraíocht gurbh ionann sin agus an difríocht idir an comhlacht a bheith comhlíontach ó thaobh an sprioc 3% a bhaint amach nó gan í a bhaint amach. I gcás comhlachtaí ina mbeadh níos lú ná 33 duine de bhaill foirne, d'fhéadfadh áireamh nó gan áireamh aon bhall amháin foirne faoi mhíchumas an comhlacht a ísliú ón sprioc

3% a bhaint amach go dtí nialas. Níor féachadh ach ar na comhlachtaí sin amháin a dteastódh beirt bhall foirne sa bhreis ar a laghad uathu chun an sprioc 3% a bhaint amach sa bhliain 2007 agus 2008 mar chomhlachtaí a bhí neamhchomhlíontach go cinntitheach.

Admhaíonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais a thábhachtaí is atá sé daoine, mar aon lena scileanna agus lena n-inniúlachtaí a mheaitseáil le riachtanais an phoist agus nach n-oireann gach post do gach duine. D'fhéadfadh nach n-oirfeadh obair a bhfuil gné fhisiceach ag gabháil léi do dhaoine a bhfuil cineálacha sonracha lagaithe ag gabháil dóibh. Cé go mbaineann gnéithe atá criticiúil ó thaobh na sábháilteachta de le hobair líon áirithe de chomhlachtaí poiblí nó gur obair í a dteastaíonn cáilíochtaí ardspeisialaithe faoina comhair, ba neamhghnách an ní i gcomhlacht poiblí ar bith, ar mhéid áirithe, nach mbeadh raon de thascanna agus d'fheidhmeanna acu a bhféadfadh baill foirne faoi mhíchumas iad a chur i gcrích go héifeachtach. Cé go mb'fhéidir gur chúiseanna bailí iad le gan an sprioc 3% a bhaint amach, níor chúiseanna bailí iad tríd is tríd, agus gach ní eile mar a chéile, lena thuairisciú nach raibh baill foirne ar bith faoi mhíchumas fostaithe.

Ní sholáthraíonn go leor comhlachtaí poiblí ráiteas iomlán cuimsitheach ina sonraítear na gníomhartha go léir a bhíonn á nglacadh acu chun Cuid 5 a chomhlíonadh dá gcoistí monatóireachta ná don NDA agus sin ceann de na príomhfhadhbanna. Feabhsaíonn sé seo ó bhliain go bliain, áfach, de réir mar a shoiléirítear an tábhacht atá le faisnéis chuimsitheach a sholáthar.

Is ann, mar sin féin, do roinnt comhlachtaí nár luaigh ná nár thagair do bhearta ar bith a ndeachaigh siad ina n-iontaoibh, b'fhéidir, sa ráiteas insinte ina dtuarascálacha reachtúla. Is comhlachtaí iad seo a bhfuil an cumas acu bearta a fhorfheidhmiú a chuirfeadh ar a gcumas Cuid 5 a chomhlíonadh ach nár sholáthair fianaise ar bith don NDA go ndearna siad amhlaidh.

Samplaí de ghníomhartha arbh fhianaise iad gur sásaíodh an ceanglas dlíthiúil maidir le fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis:

- beartas a bheith forbartha i scríbhinn i ndáil le fostú daoine faoi mhíchumas nó iad a bheith i mbun an phróisis chun beartas den sórt a fhorbairt
- Cód Cleachtais na státseirbhíse maidir le Fostú Daoine faoi Mhíchumas a bheith á leanúint
- beartas i scríbhinn ina bhfuil nósanna imeachta leagtha amach chun tacú le baill foirne a fhaigheann míchumas a choinneáil i bhfostaíocht, lena n-áirítear athchóiriú fostaíochta más gá agus más féidir sin
- Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas/Oifigeach Rochtana/Oifigeach Comhionannais ainmnithe a bheith fostaithe (nó a bheith i mbun an phróisis cheapacháin)
- próisis stóinsithe chun riachtanais ar bith maidir le cóiríocht réasúnach san fhostaíocht agus san oiliúint a aithint agus freastal orthu
- iniúchadh inrochtaineachta a sheoladh ar a bhfoirgnimh agus a gcomhshaol oibre agus athruithe sonracha ag eascairt ón iniúchadh sin a bheith forfheidhmithe nó á bhforfheidhmiú

- socrúcháin ar thaithí oibre a thairiscint do dhaoine faoi mhíchumas (m.sh. faoin gClár Fostaíochta le Tacaíocht ó FÁS, nó clár WAM de chuid AHEAD)

Is léir nach bhfuil comhlacht poiblí ar bith nár chuir isteach tuairisc dhá bhliain as a chéile agus i gcás nach ann d'fhianaise ar bith ina sonrófaí nach bhfuil sé faoi réim an tsainmhínithe in alt 46(2), ag comhlíonadh Cuid 5. Cuireann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais na critéir seo a leanas san áireamh agus cinneadh cinntitheach á dhéanamh acu maidir le neamhchomhlíonadh i measc na gcomhlachtaí sin a thuairiscigh:

	Critéir		
Sprioc	Gan íos-sprioc 3% bainte amach		
	agus		
Beartais	Gan fianaise ar bheartais ná gníomhartha chun fostú baill foirne faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis	**nó**	Gan rud ar bith tuairiscithe seachas "fostóir comhdheiseanna"
	nó		
Tuairisceáin agus cruinneas	Níorbh fhéidir comhlíonadh an 3% a eachtarshuí d'uireasa ráta freagartha 100% san áireamh foirne	**nó**	D'fhéadfadh an ráta íseal freagartha (m.sh. Ráta freagartha ar an áireamh foirne a bheith faoi 33%) a thabhairt le fios nach ndearnadh iarracht chun an líon ball foirne a thuairisciú chomh cruinn is ab fhéidir é
	agus		
Líon	Gan ball foirne ar bith faoi mhíchumas fostaithe	**nó**	Theastódh beirt bhall foirne sa bhreis ar a laghad faoi mhíchumas dearbhaithe chun an sprioc a bhaint amach
	agus		
Imthosca Maolaitheacha	Gan imthosca maolaitheacha amhail méid, cineál oibre, a bheith ann		

Aguisín A[9]

Sonraí Ranna Rialtais ar an sprioc fostaíochta 3%
Tugtar sonraí faoi % an ráta freagartha in Aguisín B i gcás go mbunaítear na tuairisceáin ar áireamh fostaithe

Ranna Rialtais	Líon Iomlán Fostaithe	Líon na nDaoine faoi mhíchumas	% faoi mhíchumas	Plean, beartas nó cód cleachtais i scríbhinn	Iniúchadh ar rochtain críochnaithe
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia	4,501	136	3.0	Tá	Tá, roinnt díobh
An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta	173	6	3.5	Tá	Tá, roinnt díobh
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha	336	18	5.4	Tá	Tá, roinnt díobh
An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta	268	14	5.2	Tá	Tá
An Roinn Cosanta	440	13	3.0	Tá	Tá
An Roinn Cosanta – Fostaithe Sibhialta	820	34	4.2	Tá	Níl
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	1,428	46	3.2	Tá	Tá, roinnt díobh
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	1,062	61	5.7	Tá	Tá
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	1,380	54	3.9	Tá	Tá, roinnt díobh
An Roinn Airgeadais	672	29	4.3	Tá	Tá
An Roinn Gnóthaí Eachtracha	1,619	56	3.5	Tá	Tá, roinnt díobh
An Roinn Sláinte agus Leanaí	582	27	4.6	Tá	Tá, roinnt díobh
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	2,023	77	3.8	Tá	Tá, roinnt díobh
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	5,061	229	4.5	Tá	Tá, roinnt díobh
Roinn an Taoisigh	203	12	5.9	Tá	Tá
An Roinn Iompair	561	18	3.2	Tá	Tá
Iomlán	21,129	830	3.9		

[9] T: Tá, N: Níl, Tá roinnt díobh: Tá, tá roinnt de na háitribh

Sonraí comhlachtaí poiblí eile ar an sprioc fostaíochta 3%[10]
Tugtar sonraí faoi % an ráta freagartha in Aguisín B i gcás go mbunaítear na tuairisceáin ar áireamh fostaithe

Comhlachtaí Poiblí	Líon Iomlán Fostaithe	Líon na nDaoine faoi mhíchumas	% faoi mhíchumas	Plean, beartas nó cód cleachtais i scríbhinn	Iniúchadh ar rochtain críochnaithe
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia					
Bord Bia	102	1	1.0	Tá	Tá
Bord Iascaigh Mhara	153	73	4.6	Tá	Tá
Coillte	783	31	4.0	Níl	Tá
Cuideachta Náisiúnta Graí na hÉireann	73	1	1.4	Tá	Níl
Foras na Mara	218	7	3.2	Tá	Tá
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne	6	0	0.0	Níl	Níl
An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara	104	5	4.8	Tá	Tá
Teagasc	1,609	73	4.5	Tá	Tá, roinnt díobh
Comhairle Tréidlianna na hÉireann	4	0	0.0	Níl	Tá
An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta					
An Chomhairle Ealaíon	69	1	1.5	Níl	Tá
Bord na gCon	714	6	0.8	Níl	Tá
Leabharlann Chester Beatty	39	3	7.7	Tá	Tá
Dánlann Ealaíne Crawford, Corcaigh.	20	4	20.0	Tá	Tá
Fáilte Ireland	416	16	3.9	Tá	Tá, roinnt díobh
Rásaíocht Capall Éireann	171	5	2.9	Tá	Tá
Bord Scannán na hÉireann	18	1	5.6	Tá	Tá, roinnt díobh
Áras Nua-Ealaíne na hÉireann	68	0	0.0	Tá	Tá

[10] T: Tá, N: Níl, Tá roinnt díobh: Tá, tá roinnt de na háitribh, Níl i gceist: níl an fhaisnéis le fáil sa tuarascáil reachtúil

Comhlachtaí Poiblí	Líon Iomlán Fostaithe	Líon na nDaoine faoi mhíchumas	% faoi mhíchumas	Plean, beartas nó cód cleachtais i scríbhinn	Iniúchadh ar rochtain críochnaithe
Comhairle Spóirt na hÉireann	31	1	3.2	Níl	Níl
An Ceoláras Náisiúnta	93	5	5.4	Tá	Níl
Dánlann Náisiúnta na hÉireann	144	3	2.1	Tá	Níl
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann	131	11	8.4	Tá	Tá
Ard-Mhúsaem na hÉireann	210	12	5.7	Tá	Tá
Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt	6	0	0.0	Níl	Níl
Tourism Ireland	42	3	7.1	Níl	Tá
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha					
An Post	9,789	411	4.2	Tá	Tá
Coimisiún Craolacháin na hÉireann	45	1	2.2	Níl	Tá
Bord Gáis	914	29	3.2	Tá	Tá, roinnt díobh
Bord na Móna	1,929	34	1.8	Tá	Tá
An Príomh-Bhord Iascaigh	86	3	3.5	Níl	Tá
An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh	70	4	5.7	Tá	Níl
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide	120	4	3.3	Tá	Tá
An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach	17	0	0.0	Tá	Tá
Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir	63	1	1.6	Tá	Tá, roinnt díobh
EirGrid Plc	236	28	11.9	Tá	Níl
Bord Soláthair an Leictreachais	7,560	394	5.2	Tá	Níl
An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta	5	0	0.0	Níl	Tá
Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthuaiscirt	48	3	6.3	Tá	Tá
Bord Iascaigh Réigiúnach an Tuaiscirt	67	3	4.5	Tá	Tá
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann	320	7	2.2	Tá	Tá
Raidió Teilifís Éireann	2,351	90	3.8	Tá	Tá
Fuinneamh Inmharthana Éireann	59	0	0.0	Tá	Tá
Bord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne	54	4	7.4	Tá	Tá, roinnt díobh
Bord Iascaigh Réigiúnach an Iardheiscirt	36	1	2.8	Tá	Tá, roinnt díobh
Bord Iascaigh Réigiúnach an Deiscirt	47	3	6.4	Níl	Tá, roinnt díobh
TG4	88	0	0.0	Tá	Tá

Comhlachtaí Poiblí	Líon Iomlán Fostaithe	Líon na nDaoine faoi mhíchumas	% faoi mhíchumas	Plean, beartas nó cód cleachtais i scríbhinn	Iniúchadh ar rochtain críochnaithe
Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthair	65	3	4.6	Níl	Tá
An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta					
Foras na Gaeilge	50	0	0.0	Tá	Tá
Pobal	269	10	3.7	Níl	Tá, roinnt díobh
Údarás na Gaeltachta	110	4	3.6	Tá	Tá
An Ghníomhaireacht Ultach-Albanach	2	0	0.0	Tá	Tá, roinnt díobh
Uiscebhealaí Éireann	267	6	2.3	Tá	Tá, roinnt díobh
Coimisiún Forbartha an Iarthair	19	0	0.0	Níl	Níl
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta					
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain	730	2	0.3	Níl	Níl
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí	1,605	19	1.2	Níl	Tá, roinnt díobh
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	2,850	12	0.4	Níl	Tá, roinnt díobh
Institiúid Ealaíne, Dearaidh agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire	548	4	0.7	Tá	Tá
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	594	22	3.7	Tá	Tá
Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna	43	0	0.0	Tá	Tá
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo	1,069	4	0.4	Tá	Níl
Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna	32	2	6.3	Tá	Níl
Institiúid Teicneolaíochta, Baile Bhlainséir	204	7	3.4	Tá	Tá
Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach	587	10	1.7	Tá	Tá
Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach	506	15	3.0	Tá	Tá, roinnt díobh
Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta	485	9	1.9	Tá	Tá
Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí	414	3	0.7	Tá	Níl
Léargas	50	1	2.0	Tá	Tá
Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn	361	15	4.2	Tá	Tá
Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh	505	16	3.2	Tá	Tá
An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha	148	2	1.4	Níl	Níl
An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais	104	4	3.9	Níl	Tá

Comhlachtaí Poiblí	Líon Iomlán Fostaithe	Líon na nDaoine faoi mhíchumas	% faoi mhíchumas	Plean, beartas nó cód cleachtais i scríbhinn	Iniúchadh ar rochtain críochnaithe
Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann	24	1	4.2	Tá	Tá
An Chomhairle Mhúinteoireachta	41	1	2.5	Níl	Níl
Foras Forbartha Tuaithe agus Gnó Thiobraid Árann	157	0	0.0	Tá	Tá
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge	1,271	19	1.5	Tá	Tá
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta					
An tÚdarás Iomaíochta	57	1	1.8	Níl	Tá
Boird Fiontar Contae agus Cathrach	150	0	0.0	Níl	Níl
Fiontraíocht Éireann	763	34	4.5	Tá	Tá
FÁS	2,298	83	3.6	Tá	Tá, roinnt díobh
Forfás	132	4	3.0	Tá	Tá
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	208	6	2.9	Níl	Tá
An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (Éire)	282	10	3.6	Tá	Tá, roinnt díobh
An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta	72	1	1.4	Tá	Tá
IdirThrádáil Éireann	44	2	4.6	Tá	Tá
Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann	12	0	0.0	Níl	Tá
An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann	161	10	6.2	Tá	Tá
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	54	1	1.9	Tá	Tá
Forbairt na Sionna	138	8	5.8	Tá	Tá
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil - Comhlachtaí Poiblí					
An Chomhpháirtíocht um Thithíocht Inacmhainne	17	0	0.0	Níl	Níl
An Bord Pleanála	179	7	3.9	Tá	Tá
An Chomhairle Leabharlann	16	0	0.0	Tá	Tá
